Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 1. Bunús an tSeanaid

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Bunús stairiúil an tSeanaid a thuiscint.
2. An comhthéacs polaitiúil inar bunaíodh an Seanad a thuiscint.
3. Roinnt de na pearsana stairiúla ba thábhachtaí a aithint.
4. Míniú a thabhairt ar an athrú a tháinig isteach leis an Dara Seanad.

## Naisc Churaclaim

- Tá ceangal ag an gceacht seo le Topaic 3 de Shiollabas Staire na hArdteistiméireachta (Éire sa Nua-Aois Dhéanach).

## Acmhainní

- Ó Shos Cogaidh go Saorstát – Grafaic Faisnéise
- Bunreacht Shaorstát Éireann
- An Dara Seanad

## Réamhrá

- Déan cur síos gairid ar an staid pholaitiúil in Éirinn i rith na mblianta 1921 agus 1922, le tagairt ar leith do na dátaí agus na himeachtaí seo a leanas:
- An 6ú agus an 14ú Nollaig 1921, an 16ú agus an 28ú Meitheamh 1922, an 9ú Meán Fómhair 1922 agus an 6ú Nollaig 1922.
- Bain úsáid as an ngrafaic faisnéise atá in Acmhainn 1 chun na ceisteanna seo a fhreagairt.

## Forbairt:

- Déan cur síos gairid ar bhunú agus comhdhéanamh an Chéad Seanaid agus úsáid á baint agat as Airteagail 30 agus 80 de Bhunreacht Shaorstát Éireann (Acmhainn 2)

## Clabhsúr:

Bain úsáid as Acmhainn 3 chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

1. Cad a tharla don chéad Seanad faoin mbliain 1936 agus conas a tharla sé?
2. Déan cur síos gairid ar roinnt de na príomhdhifríochtaí idir an Chéad Seanad agus an Dara Seanad.